

## RABHAIDH AIMSIRE Ó MHET ÉIREANN

Ba cheart do scoileanna súil a choimeád ar réamhaisnéisí aimsire chun bheith ullamh le haghaidh aon aimsire crua a bhféadfadh go mbeadh éifeacht aici ar an scoil. Le linn tréimhsí d'aimsir chrua ba cheart do scoileanna an staid a mheas. Ba cheart do scoileanna bheith ullamh, iad féin a choimeád ar an eolas agus bheith faireach.

Le blianta beaga anuas tá rabhaidh dathchódaithe tugtha isteach ag Met Éireann mar seo a leanas:

- Stádas Buí: bí ar an airdeall
- Stádas Oráiste: bí ullamh
- Stádas Dearg: glac gníomh

Ba cheart do scoileanna freagra cuí a thabhairt ar na rabhaidh agus an treoir thuas á leanúint chomh maith leis an nasc <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/National-Emergencies-Public-Health-Issues/Schools-and-Severe-Weather.pdf>

NÍ OIBREOIDH BUS ÉIREANN BUSANNA SCOILE I GCEANTAR INA BHFUIL RABHADH AIMSIRE STÁDAS DEARG I BHFEIDHM, AGUS NÍ RACHAIDH SIAD ISTEACH SA CHEANTAR ATÁ I GCEIST FAD IS A BHEIDH AN RABHADH SIN I BHFEIDHM.

## MEABHRÚCHÁN SÉIMH DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO LEANAÍ SCOILE: SEICEÁIL AR DO CHUID GAOLTA AGUS COMHARSANA



Má tá sé deacair duitse bogadh timpeall beidh sé dodhéanta dóibh siúd é a dhéanamh.

1. Cuir gaoch orthu nó buail isteach orthu.
2. Déan cinnte go bhfuil dóthain breosla, bia agus cógas acu.
3. Má tá inní ort fúthu cuir gaoch ar na Gardaí agus iarr orthu seiceáil orthu.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó:

- [www.education.ie](http://www.education.ie)
- [www.emergencyplanning.ie](http://www.emergencyplanning.ie)
- [www.winterready.ie](http://www.winterready.ie)
- [www.met.ie](http://www.met.ie)
- [www.buseireann.ie/StatusRed](http://www.buseireann.ie/StatusRed)

# BÍ ULLAMH DON GHEIMHREADH



## DO THUISMITHEOIRÍ AGUS SCOILEANNA

**Tú Féin**

**Do Scoil**

**agus an Geimhreadh**

*Eolas Praiticiúil i gcás Drochaimsire*

LoCall: 1890 252 736 or 0761 001 608

e-mail: [oe@defence.ie](mailto:oe@defence.ie)



[www.winterready.ie](http://www.winterready.ie)

[@emergencyIE](https://twitter.com/emergencyIE)



An Roinn Cosanta  
Department of Defence

An Oifig um Pleanáil Eigeandála  
Office of Emergency Planning



## BÍ ULLAMH, BÍ AR AN EOLAS AGUS BÍ FAIREACH

Ba cheart do scoileanna measúnú a dhéanamh roimh ré ar na nithe ar cheart nó a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm chun cinntiú go n-osclofar scoil i gcás aimsire cruá. I measc na réimsí atá le meas tá áitribh agus fónais scoile a chothabháil, leagan salainn agus grin agus iompar chuig an scoil agus uaithi. Ba cheart déanamh cinnte go bhfuil teacht ar raidió ceallra agus laomlampaí sa scoil.

Ba cheart do scoileanna déanamh cinnte go bhfuil eolas soiléir ag gach ball foirne maidir lena ról agus a gcuid freagrachtaí le linn aimsire cruá, lena n-áirítear i gcás go ndúnfaí an scoil. Ba cheart ball foirne a shannadh chun súil a choimeád ar an aimsir agus chun teagmháil a dhéanamh leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le seirbhísí iompair scoile nuair a theastaíonn sin.

Ba cheart na freagraí agus na róil molta a bheadh i bhfeidhm i gcás rabhadh aimsire Stádas Dearg ó Mhet Éireann a chur san áireamh i bplean na scoile le haghaidh aimsire cruá.

Ba cheart do thuismitheoirí déanamh cinnte go bhfuil siad ar a n-eolas faoi phleananna a scoile agus ba cheart go mbeadh a gcuid socrúithe féin i bhfeidhm acu i gcás go ndúnfaí an scoil nó go gcuirfí isteach ar iompar scoile mar gheall ar aimsir chruá.

## CUMARSÁID

Ba cheart do scoileanna déanamh cinnte go bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha acu le haghaidh na bpríomhghníomhaireachtaí freagartha dá gceantar, a bhfuil ina measc:

- An Garda Síochána
- An Briogáid Dóiteáin
- An tSeirbhís Otharchairr
- Na hÚdaráis Áitiúla

Ba cheart go mbeadh sonraí teagmhála ag scoileanna le haghaidh na seirbhísí iompair atá ag freastal ar a scoil. Ba cheart na sonraí sin a sheiceáil go rialta agus a choimeád suas le dáta.

Úsáideann an chuid is mó de scoileanna teachtaireachtaí téacs chun cumarsáid a dhéanamh le thuismitheoirí agus baill foirne, ar cheart dóibh déanamh cinnte go bhfuil na sonraí is deireanaí dóibh ag an scoil. D'fhéadfadh go mbeadh an stáisiún raidió áitiúil, láithreán gréasáin na scoile nó na meáin shóisialta úsáideach freisin chun thuismitheoirí agus daltaí a chur ar a n-eolas faoi choinníollacha na scoile agus faoi dhúnadh i gcás go dtiocfadh sé sin chun cinn.

## Cuimhnigh

- Déan Plean
- Bíodh do chuid Sonraí Teagmhála ar eolas agat
- Ullmhaigh do Scoil
- Déan cinnte go bhfuil a ról féin ar eolas ag gach duine
- Coimeád Slán!

## DÚNADH SCOILE

Fágfar faoi údarás bainistíochta na scoile cinneadh a dhéanamh scoil a dhúnadh agus an treoir go léir atá ar fáil ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha, go háirithe An Garda Síochána, á tógáil san áireamh. Is ar mhaithe le sábháilteacht leanfaí a ghlahtar cinneadh scoil a dhúnadh, agus measúnú déanta ar na rioscaí sa cheantar agus tar éis dul i gcomhairle, mar is cuí, le hoibreoírí iompair scoile. I measc na gceisteanna a bhféadfadh go dtógfadh scoileanna san áireamh iad tá:

- coinníollacha sa scoil í féin
- cumas na scoile déanamh cinnte go mbeidh daltaí slán agus folláin agus iad ar scoil
- cumas thuismitheoirí, daltaí, ball foirne agus seirbhísí iompair scoile déileáil go sábháilte le coinníollacha ar na bóithre áitiúla chun an scoil a bhaint amach
- treoir ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha

Tugtar treoir faoi am a chailtear mar gheall ar dhúnadh gan choinne de thoradh aimsire cruá i gclárán 16/2014 atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie).

## BE WINTER-READY



# Tú Féin, Do Scoil agus an Geimhreadh